



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

State Examinations Commission

Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath

Teileafón: +353-90-644 2741. Facs:+353-90-647 3080. Gréasán: www.examinations.ie R-phost: orals@examinations.ie

S.90/10

An Scrúdú Gaeilge san Ardteistiméireacht ó 2012 ar aghaidh (Ardleibhéal, Gnáthleibhéal agus Bonnleibhéal)

Réamhrá

Dírítear aird na n-údarás scoile agus aird na múinteoirí Gaeilge ar a bhfuil anseo thíos. Soiléiriú breise is ea an méid seo a leanas ar an treoir ‘An Córas Measúnachta’ a thugtar in Imlitir 0020/2010 agus sna siollabais Ghaeilge nuashonraithe (Ardteistiméireacht: Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal 2010), agus sa Chiorclán 0056/2010 agus sa siollabas Gaeilge nuashonraithe (Ardteistiméireacht: Bonnleibhéal 2010) a d’fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Scileanna. Tá an Imlitir agus an Chiorclán chomh maith le cóipeanna de na siollabais le fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne, www.education.ie.

Tiocfaidh athruithe i bhfeidhm ar riar na marcanna i gcás gnéithe éagsúla de scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta (Ardleibhéal, Gnáthleibhéal agus Bonnleibhéal) ón mbliain 2012 ar aghaidh. Tá na hathruithe seo ag eascairt as an treoir a leagadh amach i dtús ama in Imlitir 0042/2007 a d’fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus tá siad ag teacht go hiomlán leis an treoir sin. Mar gheall ar an luacháil nua ar ghnéithe áirithe den scrúdú, beidh leagan amach leasaithe ar chodanna áirithe de na scrúdpháipéir.

Tugtar achoimre anseo thíos i **gCuid I** (i) ar na hathruithe is tábhachtaí ar riar na marcanna sa Bhéaltrial, sa Triail Chluastuisceana agus sna páipéir scríofa ag an Ardleibhéal agus ag an nGnáthleibhéal agus (ii) ar na hathruithe ar an gcóras measúnachta a ghabhann leo.

Maidir leis na hathruithe ar an mBéaltrial, sa Triail Chluastuisceana agus sa pháipéar scríofa, (Ceapadóireacht agus Léamhthuisint) ag an mBonnleibhéal déantar iad a phlé ceann ar cheann i **gCuid II**.

Eiseofar páipéir shamplacha bunaithe ar na siollabais nuashonraithe i Meán Fómhair 2011.

Patricia Anderson
Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin

Nollaig 2010

Cuid I – Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal

1.1. Siollabais Ghaeilge na hArdteistiméireachta (nuashonraithe)

Maidir leis na siollabais nuashonraithe, is é an siollabas céanna é atá i bhfeidhm ag an Ardleibhéal agus ag an nGnáthleibhéal is a bhí ann le blianta beaga anuas. Is amhlaidh a rinneadh nuashonrú ar na siollabais agus a tugadh suas chun dáta iad, i dtaca le téarmaíocht agus réimse na dtopaicí de go háirithe. Beidh teagasc agus foghlaim na Gaeilge mar aon leis an gcóras measúnachta ag an Ardleibhéal agus ag an nGnáthleibhéal faoi réir ag aidhmeanna agus spriocanna na siollabas faoi mar a bhí roimhe seo.

1.2. An Bhéaltríail Ghaeilge – ó 2012 ar aghaidh (An Ardteistiméireacht: Ardleibhéal & Gnáthleibhéal)

Béaltríail chomónta don Ardleibhéal agus don Ghnáthleibhéal a bheidh ann, faoi mar a bhí roimhe seo. Méadófar riar na marcanna don Bhéaltríail ó 150 marc (25% de mhóriomlán na marcanna) go dtí 240 marc (40% de mhóriomlán na marcanna). Tá cur síos ar na codanna éagsúla den Bhéaltríail, chomh maith leis an scéim mharcála nua, le fáil ag **1.3** thíos.

1.3 Mairfidh an Bhéaltríail 15 nóiméad. Beidh ceithre chuid ann: Fáiltiú, Léamh na filíochta, Cur síos ar shraith pictiúr, Comhrá.

- (a) Is mar seo a roinnfear na marcanna:
Fáiltiú: 5 mharc; Léamh na filíochta: 35 marc;
Cur síos ar shraith pictiúr: 80 marc; Comhrá: 120 marc.

Tábla 1			
An Bhéaltríail		Am (nóiméid)	Marcanna
1	Fáiltiú	1	5
2	Léamh na filíochta	2	35
3	Cur síos ar shraith pictiúr	4	80
4	Comhrá	6 go 8	120
		15	240

- (b) Sonraí pearsanta a bheidh á lorg san fháiltiú: cúig mhír eolais – ainm, aois, seoladh baile, dáta breithe, scrúduimhir.
- (c) Iarrfar ar na hiarrthóirí ceann amháin de na cúig dhán *ainmnithe* ón gcúrsa comónta litríochta (Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal) a aithris nó a léamh os ard. Inniúlacht an iarrthóra maidir le tuiscint ar an dán, le cruinneas foghraíochta agus le rithim na cainte a bheidh á dtástáil sa chuid seo. An scrúdaitheoir a roghnóidh an dán **agus** na véarsaí atá le léamh. Beidh cead ag an iarrthóir a chóip féin den dán a úsáid. Ní thabharfar aon am don iarrthóir an t-ábhar a ullmhú istigh sa scrúdú. Nó go bhfógrófar a mhalairt is iad na dánta atá i gceist: *Géibheann* (an dán go léir); *Colscaradh* (an dán go léir); *Mo Ghrá-sa (Idir Lúibíní)* (trí véarsa ar bith); *An tEarrach Thiar* (dhá véarsa ar bith); *An Spailpín Fánach* (dhá véarsa ar bith). Meabhraítear do na múinteoirí agus do na hiarrthóirí go bhfuil staidéar le déanamh ar na véarsaí uile sna dánta thuas luaite agus go mbeidh na véarsaí uile san áireamh sa Bhéaltríail agus sa scrúdú scríofa.

- (d) Beidh fiche leathanach A4 de phictiúir ann agus sraith de shé phictiúr ar gach leathanach díobh. Roghnófar leathanach A4 amháin go randamach istigh sa scrúdú. Chomh maith le cur síos a dhéanamh ar an tsraith pictiúr ar an leathanach A4 roghnaithe, beifear ag súil leis go gcuirfidh an t-iarrthóir agus an scrúdaitheoir líon beag ceisteanna ar a chéile faoi ábhar na bpictiúr éagsúil ar an leathanach. Tabhair faoi deara go mbeifear ag súil leis go mbeidh sé ar chumas an iarrthóra ceisteanna a chur chomh maith le ceisteanna a fhreagairt. Beifear ag súil leis mar sin go mbeidh *idirghníomhaíocht* sa chuid seo den scrúdú.

Cuirfear na sraitheanna pictiúr seo ar fáil do na scoileanna sa chéad téarma den chúigiú bliain, roimh dheireadh 2010 den chéad uair. Tá sampla amháin de sraith pictiúr A4 le fáil ag deireadh an doiciméid seo. Bunófar scrúdú 2012 ar na sraitheanna pictiúr sin. Eiseofar fiche leathanach nua, agus sraith pictiúr ar gach ceann acu, i Meán Fómhair 2011 do na scrúduithe in 2013. Eiseofar fiche leathanach éagsúil gach bliain ina dhiaidh sin. Beidh an t-ábhar sna pictiúir ag teacht leis na topaicí atá luaite sna siollabais.

- (e) Comhrá ginearálta, mar atá ann faoi láthair, a bheidh sa chuid dheireanach den scrúdú. Tosófar leis an ngarthimpeallacht ach leathnófar ábhar an chomhrá amach ag brath ar chumas an iarrthóra. 75 marc a bheidh ag gabháil leis an Stór Gaeilge (inniúlacht an iarrthóra ar réimse agus ar fhairsinge an stóir focal atá aige/aici a léiriú), 45 marc ag gabháil leis an gCumas Gaeilge (líofacht agus cruinneas na Gaeilge). Beifear ag súil leis mar sin go mbeidh *idirghníomhaíocht* sa chuid seo den scrúdú.

1.4. Marcáil na Béaltrialach

- (a) **Fáiltiú:** 5 mharc ar 5 pháosa eolais;

- (b) **Aithris na filíochta:** 35 marc.

An Trian Uachtair: Iarracht an iarrthóra sa réimse **an-mhaith** go dtí **sármhaith** ó thaobh rithime agus foghraíochta agus sothuigtheachta de, marc cuí idir 24 agus 35.

An Trian Láir: Iarracht an iarrthóra sa réimse **measartha** go dtí **maith** ó thaobh rithime agus foghraíochta agus sothuigtheachta de, marc cuí idir 14 agus 23.

An Trian Íochtair: Iarracht an iarrthóra sa réimse **an-lag** go dtí **lag** ó thaobh rithime agus foghraíochta agus sothuigtheachta de, marc cuí idir 0 agus 13.

Tábla 2		
Grád	Aicme	Marc
A	Sármhaith	29-35
B	An-mhaith	24-28
C	Maith	19-23
D	Measartha	14-18
E	Lag	9-13
F	An-lag	0-8

(c) **Cur síos ar shraith pictiúr:** 80 marc.

An Trian Uachtair: Iarracht an iarrthóra sa réimse **an-mhaith** go dtí **sármhaith** maidir le cuntas a thabhairt ar an tsraith pictiúr agus máistreacht a léiriú ar cheisteanna a chur agus a fhreagairt agus tuairimí a chur in iúl – marc cuí idir 56 agus 80.

An Trian Láir: Iarracht an iarrthóra sa réimse **measartha** go dtí **maith** maidir le cuntas a thabhairt ar an tsraith pictiúr agus máistreacht a léiriú ar cheisteanna a chur agus a fhreagairt agus tuairimí a chur in iúl – marc cuí idir 32 agus 55.

An Trian Íochtair: Iarracht an iarrthóra sa réimse **an-lag** go dtí **lag**, agus an cuntas gairid, lag, gan a bheith forbartha, briseadh sa chumarsáid, cumas teoranta – marc cuí idir 0 agus 31.

Tábla 3		
Grád	Aicme	Marc
A	Sármhaith	68-80
B	An-mhaith	56-67
C	Maith	44-55
D	Measartha	32-43
E	Lag	20-31
F	An-lag	0-19

(d) **Comhrá Ginearálta**

75 marc ar Stór Gaeilge; 45 marc ar Chumas teanga. Marcáil mar atá faoi láthair: 6 aicme sa dá chatagóir: A – sármhaith; B – an-mhaith; C – maith; D – measartha; E – lag; F – an-lag.

Tábla 4			
Grád	Aicme	Stór Gaeilge	Cumas
A	Sármhaith	64-75	39-45
B	An-mhaith	53-63	32-38
C	Maith	42-52	25-31
D	Measartha	30-41	18-24
E	Lag	19-29	12-17
F	An-lag	0-18	0-11

2.1. An Triail Chluastuisceana – Ardleibhéal & Gnáthleibhéal

I ngeall ar an laghdú ar riar na marcanna don Triail Chluastuisceana agus i ngeall ar an ngearradh siar dá réir ar an am, agus ar mhaithe le dea-riar na scrúduithe, beidh an Triail Chluastuisceana ina cuid chomhtháite de scrúdú scríofa Pháipéar 1 (Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal) ó 2012 ar aghaidh. Tosóidh Páipéar 1 leis an Triail Chluastuisceana agus leanfar gan bhriseadh leis an gcuid eile de Pháipéar 1. Is athrú é seo ón Triail Chluastuisceana a bheith ina haonad neamhspleách den scrúdú, faoi mar a bhí roimhe seo.

Laghdófar riar na marcanna a bheidh le gnóthú ar an Triail Chluastuisceana ó 100 marc (16.66% de mhóriomlán na marcanna) go dtí 60 marc (10% de mhóriomlán na marcanna) i gcás an Ardleibhéil. Mairfidh an triail seo fiche nóiméad.

Laghdófar riar na marcanna a bheidh le gnóthú ar an Triail Chluastuisceana ó 120 marc (20% de mhóiriomlán na marcanna) go dtí 60 marc (10% de mhóiriomlán na marcanna) i gcás an Ghnáthleibhéil. Fiche nóiméad a mhairfidh an triail seo feasta.

Sa Triail Chluastuisceana, seinnfear gach mír **faoi dhó**. Dhá fhógra, dhá chomhrá agus dhá mhír nuachta a bheidh ann, agus cúram á dhéanamh de na trí mhórchanúint. Beidh an t-ábhar agus na ceisteanna ar aon dul leis an triail a bhí ann le blianta beaga anuas. Beidh an taifeadadh fuaimne céanna á sheinm don Ardleibhéal agus don Ghnáthleibhéal. Bainfidh dúshlán éagsúil leis na ceisteanna a chuirfear ag an Ardleibhéal agus ag an nGnáthleibhéal.

3.1. Na Páipéir Scríofa – An Ardteistiméireacht: Ardleibhéal

- (a) **Páipéar 1:** 2 uair an chloig 20 nóiméad
Triail Chluastuisceana (20 nóiméad).

Ceapadóireacht scríofa (2 uair an chloig).

Beidh an rogha chéanna ábhar ar fáil anseo is a bhí ar fáil le tamall de bhlianta anuas. Beidh an scéim chéanna mharcála i bhfeidhm. Tá cuntas ar an scéim mharcála le fáil ar shuíomh gréasáin Choimisiún na Scrúduithe Stáit, www.examinations.ie faoin gceannteideal ‘Carlann d’Ábhar Scrúduithe / Examinations Archive Material’. Tá scéimeanna na mblianta ó 2001 anall ar fáil.

Tábla 5			
An Ardteistiméireacht: Ardleibhéal – Páipéar 1			
		Am	Marcanna
1	Triail Chluastuisceana	0 – 20	60
2	Ceapadóireacht scríofa	2 – 00	100
		2 – 20	160

- (b) **Páipéar 2:** 3 uair an chloig 5 nóiméad

Léamhthuisint

(50 marc agus 50 marc). Dhá pháirt Léamhthuisceana a bheidh ann agus ceist nó ceisteanna bunaithe ar gach alt. Beidh na páirtí léamhthuisceana ar aon dul leis na páirtí a bhí ann le blianta beaga anuas maidir le fad agus dúshlán na teanga iontu. Trialacha léamhthuisceana a bheidh sa cheist seo ach féadfar a bheith ag súil le focheist ar cheart na teanga bunaithe ar an téacs, mar shampla, ‘*Aimsigh sampla den Tuiseal Ginideach Uatha in alt a trí*’.

Beidh ceist amháin ar a laghad ann a lorgóidh tuiscint dhomhain ar an bpáirt, a leithéid seo, cuir i gcás:

‘*Déan cur síos i d’fhocail féin ar an saghas duine é an príomhcharachtar atá luaite sa sliocht, dar leat. Ní gá níos mó ná cúig abairt a scríobh sa chuntas seo*’; **nó**

‘*Ón léamh atá déanta agat ar an sliocht thuas (a) déan cur síos ar chineál an pháirtí scríbhneoireachta atá ann, agus (b) abair céard iad na comharthaí sóirt a bhíonn ag an gcineál sin saothair – bíodh tagairt agat don sliocht mar thaca le do fhreagra agat.*’

Prós

Prós Comónta Ainmnithe (30 marc) **nó** Prós: Ábhar Roghnach (30 marc). Beidh ceist nó ceisteanna le freagairt ar shliocht amháin. Ní bheidh rogha le fáil sna ceisteanna.

Filíocht

Filíocht Chomónta Ainmnithe (30 marc) **nó** Filíocht: Ábhar Roghnach: (30 marc). Beidh ceist nó ceisteanna le freagairt ar dhán amháin. Ní bheidh rogha le fáil sna ceisteanna.

Litríocht Bhreise

(40 marc). Beidh rogha ag an iarrthóir anseo idir an dá rannóg, an Prós Breise nó na Dánta Breise.

Sa chás go roghnaíonn iarrthóir an Prós Breise, beidh ceist amháin le freagairt ar cheann amháin de na cúig shliocht próis. Beidh ceist amháin ar gach ceann de na cúig shliocht próis ar an bpáipéar scrúdaithe.

Sa chás go roghnaíonn iarrthóir na Dánta Breise, beidh ceist amháin le freagairt ar dhán amháin de na cúig dhán breise. Tabharfar téacs an dáin sin ar an bpáipéar scrúdaithe. Ní bheidh ach an t-aon cheist amháin sin ar an bpáipéar scrúdaithe.

I gcás na ceiste ar an Litríocht Bhreise, saothair ainmnithe amháin a bheidh san áireamh. Níl cead aon ábhar rognach a úsáid. Féadfar focheist a chur sa rannóg seo ar shaol agus ar shaothar na n-údar. Beifear ag súil leis go léireoidh na hiarrthóirí tuiscint ar na saothair i gcomhthéacs stair litríocht na Gaeilge.

Tábla 6			
An Ardeistiméireacht: Ardleibhéal – Páipéar 2			
		Am	Marcanna
1	Léamhthuiscint 1 (50 marc) agus Léamhthuiscint 2 (50 marc)	rogha an iarrthóra	100
2	Litríocht: Prós 1 (30 marc) Filíocht 1 (30 marc) Litríocht Bhreise: Prós Breise nó Dánta Breise (40 marc)	rogha an iarrthóra	100
		3 – 05	200

3.2. Na Páipéir Scríofa – An Ardteistiméireacht: Gnáthleibhéal

(a) **Páipéar 1:** 1 uair an chloig 50 nóiméad

Triail Chluastuisceana (20 nóiméad).

Ceapadóireacht scríofa (Uair agus 30 nóiméad).

Beidh an rogha chéanna ábhar ar fáil anseo is a bhí ar fáil le tamall de bhlianta anuas. Beidh an scéim chéanna mharcála i bhfeidhm freisin. Tá cuntas ar an scéim mharcála le fáil ar shuíomh gréasáin Choimisiún na Scrúduithe Stáit, www.examinations.ie faoin gceannteideal ‘Cartlann d’Ábhar Scrúduithe / Examinations Archive Material’. Tá scéimeanna na mblianta ó 2001 anall ar fáil.

Tábla 7			
An Ardteistiméireacht: Gnáthleibhéal – Páipéar 1			
		Am	Marcanna
1	Triail Chluastuisceana	0 – 20	60
2	Ceapadóireacht scríofa	1 – 30	100
		1 – 50	160

(b) **Páipéar 2:** 2 uair an chloig 20 nóiméad

Dhá pháipéir Léamhthuisceana a bheidh ann, a bheidh mórán mar a bhí ar na páipéir scrúdaithe roimhe seo. Beidh 50 marc an ceann ar fáil orthu sin. Beidh dhá cheist ann ar an bPrós (Prós Comónta Ainmnithe *nó* Prós: Ábhar Roghnach) ar 25 marc an ceann – 50 marc san iomlán – agus dhá cheist ar an bhFilíocht (Filíocht Chomónta Ainmnithe *nó* Filíocht: Ábhar Roghnach) ar 25 marc an ceann – 50 marc san iomlán. Ní bheidh rogha le fáil sna ceisteanna próis ná sna ceisteanna filíochta.

Tábla 8			
An Ardteistiméireacht: Gnáthleibhéal – Páipéar 2			
		Am	Marcanna
1	Léamhthuisceint 1 (50 marc) Léamhthuisceint 2 (50 marc)	rogha an iarrthóra	100
2	Litríocht: Prós 1 (25 marc) Prós 2 (25 marc) Filíocht 1 (25 marc) Filíocht 2 (25 marc)	rogha an iarrthóra	100
		2 – 20	200

Cuid II – An Ardteistiméireacht: Bonnleibhéal

4.1. Siollabas Gaeilge na hArdteistiméireachta (nuashonraithe) (Bonnleibhéal)

Maidir leis na siollabais nuashonraithe, is é an siollabas céanna é atá i bhfeidhm ag an mBonnleibhéal is a bhí ann le blianta beaga anuas. Is amhlaidh a rinneadh nuashonrú ar an siollabas agus a tugadh suas chun dáta é, i dtaca le téarmaíocht agus réimse na dtopaicí de go háirithe. Beidh teagasc agus foghlaim na Gaeilge mar aon leis an gcóras measúnachta faoi réir ag aidhmeanna agus spriocanna an tsiollabais faoi mar a bhí roimhe seo.

4.2. An Bhéaltriall Ghaeilge – ó 2012 ar aghaidh

Méadófar riar na marcanna don Bhéaltriall ó 150 marc (25% de mhóriomlán na marcanna) go dtí 240 marc (40% de mhóriomlán na marcanna).

Mairfidh an Bhéaltriall seo idir 8 agus 10 nóiméad, mar a tharlaíonn faoi láthair. Beidh an cur chuige céanna agus na critéir mheastóireachta chéanna i bhfeidhm. Ba chóir a thabhairt faoi deara áfach go mbeidh mionathruithe ar na bloic ar a mbeidh an comhrá bunaithe.

Beidh an comhrá bunaithe ar na ceithre bhloc seo:

Bloc 1: An teaghlach agus áit chónaithe.

Bloc 2: An scoil agus cúrsaí scoile.

Bloc 3: Caitheamh aimsire.

Bloc 4: Laethanta saoire; am agus aimsir; obair.

Déanfar na bloic a mharcáil as 50 marc ($50 \text{ marc} \times 4 = 200$) ar chumas cumarsáide agus déanfar an cumas Gaeilge a mharcáil as 40 marc. Beidh iarracht an iarrthóra á luacháil ó leibhéal sármhaith go leibhéal an-lag mar a léirítear thíos.

Meabhraítear do mhúinteoirí agus do scoláirí go bhfuil cur chuige ar leith ag baint leis an scrúdú seo; ní leagan simplí é den scrúdú Ardleibhéal/Gnáthleibhéal. Ról tánaisteach a bheidh ag an iarrthóir.

Grád	Aicme	Stór Gaeilge	Cumas
A	Sármhaith	43-50	34-40
B	An-mhaith	35-42	28-33
C	Maith	28-34	22-27
D	Measartha	20-27	16-21
E	Lag	13-19	10-15
F	An-lag	0-12	0-9

4.3. An Triail Chluastuisceana – ó 2012 ar aghaidh

I ngeall ar an laghdú ar riar na marcanna don Triail Chluastuisceana agus i ngeall ar an ngearradh siar dá réir ar an am, agus ar mhaithe le dea-riar na scrúduithe beidh an Triail Chluastuisceana ina cuid chomhtháite den Pháipéar Scríofa (Bonnleibhéal) ó 2012 ar aghaidh. Tosóidh an páipéar leis an Triail Chluastuisceana agus leanfar gan bhriseadh leis an gcuid eile den pháipéar. Is athrú é seo ón Triail Chluastuisceana a bheith ina haonad neamhspleách den scrúdú, faoi mar a bhí roimhe seo.

Laghdófar riar na marcanna a bheidh le gnóthú ar an Triail Chluastuisceana ó 180 marc (30% de mhóriomlán na marcanna) go dtí 120 marc (20% de mhóriomlán na marcanna) i gcás an Bhonnleibhéil. Tríocha nóiméad a mhairfidh an scrúdú cluastuisceana seo feasta. Beidh an scrúdú mórán mar atá an scrúdú faoi láthair ó thaobh raon na n-ábhar agus dhúshlán na gceisteanna de. Laghdófar méid an ábhair agus líon na gceisteanna i gcóimheas leis an laghdú ar an am. Seinnfear gach mír **faoi dhó**.

4.4. An Páipéar Scríofa: 2 uair an chloig 20 nóiméad

Tosófar leis an gCluastuisceant a mhairfidh 30 nóiméad. Beidh dhá chuid sa pháipéar scríofa, léamhthuisceant agus ceapadóireacht. Mairfidh an chuid seo den scrúdú uair agus caoga nóiméad. Beidh na ceisteanna Léamhthuisceana agus na ceisteanna Ceapadóireachta mórán mar atá i láthair na huair.

Léamhthuisceant: 3 cheist

$$(40 + 50 + 60) = 150/600 \text{ marc} = 25\%$$

- 1: Meaitseáil: focail a cheangal le 10 bpictiúr (4 mharc \times 10): 40 marc
- 2: Dhá cheann díobh seo: Litir / Bróisiúr / Scéal nuachta (25 + 25): 50 marc
- 3: Dhá cheann díobh seo: alt / giota / dán (30 + 30): 60 marc

Ceapadóireacht: 2 cheist

$$(40 + 50) = 90/600 \text{ marc} = 15\%$$

- 1: Fógra *nó* freagra scríofa ar Chuireadh *nó* Litir *nó* CV: 40 marc
- 2: Cuntas leanúnach bunaithe ar phictiúr nó ar stór focal treorach (c. 90 focal): 50 marc

Tábla 10			
An Ardteistiméireacht: Bonnleibhéal – Páipéar			
		Am	Marcanna
1	Triail Chluastuisceana	0 – 30	120
2	Léamhthuisceant Ceapadóireacht scríofa	1 – 50	150 90
		2 – 20	360

Cluiche Nua Ríomhaireachta: Taitneamh agus Trioblóid

